




Coimisiún  
na Meán

# An Cód maidir le Seirbhís Meán

## Tuairisciú Gearr Nuachta

Dáta foilsithe: Samhain 2024



# Clár

<b>1. Réamhrá</b>	<b>3</b>
<b>2. Raon agus Dlíne</b>	<b>3</b>
<b>3. Cuspóir agus Ullmhú an Chóid</b>	<b>3</b>
<b>4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód</b>	<b>3</b>
<b>5. Inscóiteacht</b>	<b>5</b>
<b>6. Tarscaoileadh</b>	<b>5</b>
<b>7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú</b>	<b>5</b>
<b>8. Gearáin</b>	<b>6</b>
<b>9. Treoir</b>	<b>6</b>
<b>10. Sainmhínithe</b>	<b>6</b>
<b>11. Rochtain ar shleachtaí gearra nuachta</b>	<b>7</b>
<b>13. Cláir nuachta ghinearálta</b>	<b>8</b>
<b>14. Úsáid sleachta</b>	<b>8</b>



# 1. Réamhrá

- 1.1 De bhun Alt 46N(1) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (“**an tAcht**”), féadfaidh Coimisiún na Meán (an “**Coimisiún**”) cóid (“**cóid maidir le seirbhís meán**”) a dhéanamh lena rialaítear caighdeáin agus cleachtais craoltóirí agus soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.
- 1.2 De bhun Alt 46N(5) den Acht, déanfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhís meán lena bhforálfar do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7b, 8, 9, 10, 11, 15, Caibidil VI, agus Caibidil VII (seachas Airteagal 26) de Threoir (AE) 2010/13 (arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808) (an “**Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**”).
- 1.3 I gcomhréir lena chuid dualgas agus oibleagáidí reachtúla a leagtar amach thuas, d’ullmhaigh an Coimisiún an cóid seo maidir le seirbhís meán (an “**Cód**”). Cuirtear an Cód in ionad an Chóid Cleachtais maidir le Tuairisciú Gearr Nuachta ó Údarás Craolacháin na hÉireann, rud a chúlghairfear ón 5 Samhain 2024, arb é sin an dáta a thiocfaidh an Cód seo in éifeacht.

# 2. Raon agus Dlíinse

- 2.1 Leis an gCód, tugtar éifeacht d’Airteagal 15 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc in Éirinn, a mhéid a bhaineann sé le seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, eadhon, seirbhísí craoltóireachta teilifíse agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.
- 2.2 Tá feidhm leis an gCód maidir le soláthraithe seirbhíse meán faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Alt 2A den Acht.

# 3. Cuspóir agus Ullmhú an Chóid

## Cuspóir

- 3.1 Is é is cuspóir don Chód a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse meán atá faoi dhlínse an Stáit ceanglais Airteagal 15 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

## Ullmhú an Chóid

- 3.2 Ullmhaíodh an Cód i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear le hAlt 46Q den Acht.

# 4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód

- 4.1 I léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Chóid, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.



- 4.2 Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas: -
- a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.
  - na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.
- 4.3 Déantar foráil in Alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena áirithiú go gcloífeadh leis na luachanna daonlathacha a chumhdaítear sa Bhunreacht, go háirithe iad sin a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus go dtabharfar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an Choimisiúin i leith seirbhísí craolacháin agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann.
- 4.4 Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú lena shocruithe rialála (i) go dtabharfar aghaidh ar bhunábhar clár agus ar ábhar eile atá dochrach nó mídhleathach; (ii) go gcuirfeadh athrú teicneolaíochta agus sochaíoch san áireamh; agus (iii) go n-oibrítear go comhréireach, go leanúnach agus go cothrom.
- 4.5 Le hAlt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas *inter alia*:
- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ó sholáthraithe seirbhísí craolacháin a spreagadh.
  - cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle.
  - spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.
- 4.6 De bhun Alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, féachfaidh an Coimisiún do na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

## 5. Inscóiteacht

- 5.1 Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmisce, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le soláthraí nó soláthraithe seirbhíse meán áirithe) ar bhealach ar bith, ar bhonn aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, infhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód ná cuid de, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó is amhlaidh atá an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.
- 5.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, leanfaidh na forálacha uile eile agus/nó na codanna uile eile den Chód de bheith go hiomlán éifeachtach, infheidhme, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is amhlaidh a bhainfeadh den Chód aon fhoráil nó cuid den Chód, a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmisce, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

## 6. Tarscaoileadh

- 6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann soláthraí seirbhíse meán faoina bhráid, nó mura ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná ina fhaomhadh ar inneachar aon chuid den chéanna, agus ní thuigfeadh uaidh sin gur chomhlíon an soláthraí a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód.
- 6.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht air; ní chruthófar urbhac in aghaidh an Choimisiúin leis, ná ní tarscaoileadh ón gCoimisiún a bheidh ann maidir le haon cheann dá chumhachtaí nó dá chearta de bhun an Achta agus/nó an Chóid.

## 7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

- 7.1 De bhun Alt 46N(10) den Acht, beidh mainneachtain craoltóra an Cód a chomhlíonadh ina sárú chun críocha Chuid 8B den Acht.
- 7.2 Áiríteoidh craoltóir go mbeidh córais agus rialuithe i bhfeidhm aige nó aici chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sa Chód seo a léiriú.
- 7.3 De bhun Alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar chraoltóirí cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann le mainneachtain an chraoltóra cód seirbhíse meán a chomhlíonadh.

## 8. Gearáin

- 8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon craoltóir an Cód seo. Molann Coimisiún na Meán do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcráoltóir ar an gcéad dul síos mar gurb é sin an bealach is tapúla chun gearán a bhreithniú agus freagra a thabhairt air.

Tá eolas faoin bpróiseas láimhseála gearán, lena n-áirítear próiseas Choimisiún na Meán, le fáil ar ár suíomh gréasáin (<https://www.cnam.ie/ga/>) nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán ar + 353 1 963 7755 nó ag [usersupport@cnam.ie](mailto:usersupport@cnam.ie).

## 9. Treoir

- 9.1 Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a sholáthar maidir le forálacha an Chóid arna iarraidh sin nó de réir mar a mheastar gur gá agus nuair a mheastar sin. Forchoimeádan an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún.
- 9.2 Ní mór a áireamh sna hiarrataí ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarraidh ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarraidh an chuid nó na codanna den Chód, atá ábhartha dar leis an iarrthóir, agus ba cheart a leagan amach inti an cheist shonrach ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith. Ní ghlacann an Coimisiún le haon dlíteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as) a dhéantar tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

## 10. Sainmhínte

Maidir leis na téarmaí nach sainmhínítear thíos, tá na bríonna a thugtar dóibh leis an Acht.

Ciallaíonn **“seirbhís meán closamhairc”**:

- (a) seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa chás -
- (i) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe do, nó
  - (ii) go bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe do,
- cláir chlosamhairc a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt, nó
- (b) cumarsáid tráchtála chlosamhairc.

Ciallaíonn **“seirbhís meán closamhairc ar éileamh” (seirbhís ar éileamh)** seirbhís meán closamhairc a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse meán le go bhféachfar ar chlár ag an tráth a roghnaíonn an t-úsáideoir agus arna iarraidh sin dó nó di ina aonar nó ina haonar, ar bhonn catalóg clár arna roghnú ag an soláthraí seirbhíse meán.

Ciallaíonn **“craoltóir”** soláthraí seirbhíse meán craoltaí teilifíse.

Ciallaíonn **“líonra cumarsáide leictreonáí”** córais tarchurtha, cibé acu atá siad bunaithe ar bhonneagar buan nó acmhainneacht riaracháin láraithe, agus, i gcás inarb infheidhme, trealamh agus acmhainní eile a mhalartú nó a ródú, lena n-áirítear eilimintí líonra nach bhfuil gníomhach, agus lena gceadaítear iompar comharthaí ar mhodh sreinge, raidió, optúil nó leictreamaighnéadach eile, lena n-áirítear líonraí satailíte, líonraí fosaithe (ciorcadlasctha agus lasctha paicéad, lena n-áirítear an t-idirlíon) agus móibíleacha, córais de cháblaí leictreacha, a mhéid a úsáidtear iad chun comharthaí a tharchur, líonraí a úsáidtear le haghaidh craoltóireacht raidió agus teilifíse, agus líonraí teilifíse cábla, beag beann ar chineál na faisnéise a thugtar.

Ciallaíonn **“soláthraí seirbhíse meán”** an duine nádúrtha nó dlítheanach ar a bhfuil freagracht eagarthóireachta as ábhar closamhairc na seirbhíse meán closamhairc a roghnú agus a chinneann an modh ina n-eagraítear é.

Ciallaíonn **“clár”** sraith íomhánna gluaiستهacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb éard atá iontu mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg arna bhunú ag soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus bunsaothar drámaíochta.

Is éard is **“sliocht gearr nuachta”** sliocht as clúdach imeachta ina bhfuil an-spéis ag an bpobal, rud a atarchuireann craoltóir teilifíse nach bhfuil na cearta aige nó aici chun an t-imeacht sin a chraoladh.

Ciallaíonn **“craoltóireacht teilifíse”** nó **“craoladh teilifíse”** (i.e. seirbhís líneach meán closamhairc) seirbhís meán closamhairc a chuireann soláthraí seirbhíse meán ar fáil chun féachaint go comhuaineach ar chláir ar bhonn sceideal clár.

## 11. Rochtain ar shleachtaí gearra nuachta

- 11.1 D’fhonn ceart an phobail a chomhlíonadh le bheith ar an eolas faoi imeachtaí poiblí, déanfaidh craoltóir faoi dhlíne an Stáit ag a bhfuil cearta craoltóireachta teilifíse faighte d’imeacht ina bhfuil an-spéis ag an bpobal a áirithiú go mbeidh rochtain ag craoltóirí eile atá bunaithe sa Stát nó i mBallstát eile den Aontas Eorpach ar shleachta gearra lena n-ionchuimsiú mar thuairisc ghearr nuachta i gcláir nuachta ghinearálta.
- 11.2 Craoltóir ag a bhfuil cearta craoltóireachta eisiacha faighte d’imeacht ina bhfuil an-spéis ag an bpobal, áiritheoidh sé nó sí rochtain ar shleachta gearra ar bhonn cothrom, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach.
- 11.3 Ratháitear rochtain trína cheadú do chraoltóirí teilifíse sleachta gearra a roghnú faoi shaoirse ó chomhartha an chraoltóra teilifíse tarchurtha.
- 11.4 I gcás ina bhfuil craoltóir ag féachaint le sleachta gearra nuachta a úsáid, roghnófar an sliocht ar dtús ó chraoltóir atá bunaithe sa Stát ag a bhfuil cearta eisiacha chun an imeachta ina bhfuil an-spéis ag an bpobal. Mura bhfuil an méid sin indéanta, roghnófar an sliocht ón gcraoltóir ábhartha atá bunaithe i mBallstát eile den Aontas, agus sa chás sin beidh feidhm ag dlí an Bhallstáit den Aontas Eorpach



ina bhfuil an craoltóir ag a bhfuil an comhartha tosaigh á sholáthar (is é sin, ag tabhairt rochtana) bunaithe.

11.5 Beidh rochtain ar shleachta gearra nuachta saor in aisce.

## 12. Imeachtaí ina bhfuil an-spéis ag an bpobal

12.1 Measann an Coimisiún gurb é a áirítear le himeachtaí ina bhfuil an-spéis ag an bpobal, i measc nithe eile, na himeachtaí sin atá in-nuachta agus/nó iad sin a lena meallfaí líon mór daoine agus/nó iad sin atá ina n-ábhar spéise do dhaoine seachas iad sin a leanann imeachtaí de ghnáth ar de chineál comhchosúil iad. Áirítear leis sin freisin imeachtaí ar féidir, de réir a gcineáil, go mbeifí ag súil leis go mbeadh tionchar suntasach acu ar leasanna na saoránach. Áirítear leis sin freisin na himeachtaí spóirt agus cultúrtha sin atá ainmnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar a bheith den phríomhthábhacht don tsochaí.

12.2 D'ainneoin a bhfuil thuas, aithníonn an Coimisiún, maidir le cinneadh i dtaobh a bhfuil i gceist le himeacht ina bhfuil an-spéis ag an bpobal, gur cinneadh eagarthóireachta atá ann a dhéanfaidh craoltóir ar bhonn cás ar chás. Ar an gcúis sin, tabharfaidh an Coimisiún aird, agus aon ghearán a fhaightear i leith an Chóid seo á chinneadh, ar na critéir eagarthóireachta a úsáideann an craoltóir agus ar na saintréithe a leagtar amach in Alt 12.1.

## 13. Cláir nuachta ghinearálta

13.1 Saintréith den chlár nuachta ginearálta is ea gur imeachtaí in-nuachta atá ann agus go bpléitear níos mó ná ábhar amháin nó imeachta amháin leis le linn an chláir.

## 14. Úsáid sleachta

Beidh feidhmiú an chirt chun tuairiscí gearra nuachta a léiriú faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

14.1 Féadfaidh craoltóir dar deonaíodh ceart rochtana na codanna den chlár a bheartaíonn sé nó sí a chraoladh i dtuairisc ghearr nuachta a roghnú faoi shaoirse. Mar sin féin, ní fhéadfar na sleachta a úsáid chun clársceidealú a thiomsú chun críoch siamsaíochta.

14.2 Beidh fad ceadaithe tuairiscí gearra nuachta ag brath ar an méid ama is gá chun an t-eolas in-nuachta a chur in iúl ach níor cheart é a bheith níos faide ná 90 soicind ach amháin le comhaontú idir an craoltóir agus an sealbhóir ceart.

14.3 An ceart chun sleachta gearra nuachta a úsáid, ní thiocfaidh sé chun cinn go dtí go mbeidh tarchur an imeachta, óna ndíorthaítear sleachta gearra, tagtha chun deiridh.

14.4 Féadfar sleachta gearra nuachta a úsáid, fad is atá siad in-nuachta. Mar sin féin, ní fhéadfar na sleachta a dhíol agus cé gur féidir iad a áireamh i gcartlann an chraoltóra a d'úsáid na sleachta, ní





mór don chraoltóir bearta a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach ndíoltar ná nach n-athúsáidtear iad tar éis deireadh a bheith tagtha lena in-nuachta atá siad.

- 14.5 An craoltóir atá ag tairbhiú den cheart chun sliocht gearr nuachta a úsáid, sainnithneoidh sé nó sí an fhoinse, mura bhfuil an méid sin indéanta ar chúiseanna praiticiúlachta.
- 14.6 Úsáidfear sleachta gearra nuachta le haghaidh cláir nuachta ghinearálta amháin agus ní fhéadfar iad a úsáid i seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ach amháin má thairgeann an soláthraí seirbhíse meán an clár céanna ar bhonn iarchurtha.
- 14.7 Leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chód seo chun sleachta gearra nuachta a úsáid ní chuirtear srian ar chraoltóirí ná sealbhóirí ceart teacht ar chomhaontuithe fad is nach mbeidh na comhaontuithe sin ina sárú ar chuspóirí leasa phoiblí an Chóid seo ná ar chearta sealbhóirí ceart.